

MADRAÍ ALLTA

Bhí fear as Iorras Mór ag teach ón achréidh. Bhí sé a' dul anoir tríd Dubhachta i mbaile a dtugann siad Baile an Tobair air. Lean dhá mhadra allta é. Tháinig siad roimhe. Bhí páipéar aige agus thug sé iarraidh dófa de. Leanadar dó a' sgeamhghail ina dhiaidh aniar. Ag dhul anuas Mám Chnoc a' Luain d'éirigh péire eile ina dhiaidh. Thug se iarraidh eile dhófa sin. Ghortuigh sé iad agus níor leig an faitchíos dófa dhul ina ghoire ní ba mhó ach bhíodar i gcomhnuidhe a' tigheacht i ndiaidh a shálaí. Ní raibh aon teach roimhe ar an mbealach le go ngabhfaidh sé isteach ann agus bhí sé a dhul suas bóthar Mhám Éan in áit a dtugann siad Log Murchadha air. Bhí ocht gcinn ina dhiaidh annsin. Casadh cró mionnán nó uan dó, bráca. Rithse isteach uafa ann. Chaith sé annsin an oidhche go dtáinig an lá air. Nuair a d'éirigh sé amach ar maidin bhíodar ar fad imighthe ach aon cheann amháin. Mharbhuigh sé é sin sul ar sgar sé leis. Le faitchíos nach gcreidfeadh na daoine gur mharbhuigh sé é thug sé a ruball agus a theanga go hIorras Mór siar.

Bhí athair agus gasúr de mhac leis ag imtheacht trí shléibh in aice le Néifin i bhfad ó bhaile. Chonnaic siad an madra allta a' déanamh ortha. Dubhíod an t-athair leis an ngasúr go raibh an madra allta a' tigheacht agus rith. Ritheadar agus go tráthamhail casadh carraig mhór dófa i lár a' tsléibhe. Chuadar beirt ar mhullach na carraige. Níl ann ach go rabhadar uirthé nuair a bhí an madra allta chuca. Shíl sé dhul go léim chuca ach chinn sé air. Bhí an trathnóna a' tigheacht agus bhí an madadh i gcomhnuidhe ag iarraidh a dhul chuca.

"Caithfidh mé thú a chaitheamh chuige" adeir an t-athair leis a' ngasúr, "nó ní fhágfaidh mé féin annseo choidhchin."

"Maise a Dhaidí" adeir an mac, "ná caith ach glaoigh ar an gcúin dhubh."

"Cén mhaith dom glaoigh uirthé? Tá sí ró-fhada uainn ní chluinfidh sí mé."

Faoi cheann sgathaimh dubhairt sé go gcaithfeadh sé síos aríst é.

"Ar mo choinsias, a Dhaidí" adeir an gasúr, "feicim rud eicint a' tigheacht a' déanamh ceo ins an aer mar bheadh rud eicint sa sliabh."

Níorbh fhada go dtáinig an chú dhubh. Nuair a chonnaic an madadh allta é rith se ar siubhal. Lean an chú dhubh dó, agus lá ar an bhárach bhí an péire ac báidhthe I Loch Dearg – Loch Dearg na Naomh. Sin e an ceann deiridh aca a bhí in Éirinn.

Mám 23/8/1933